C/2024/5932

1.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11748 - EPUKI / TTE / WEST BURTON FLEXIBLE GENERATION)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5932)

1. An 24 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— EP UK Investments Limited ('EPUKI', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú deiridh an tUasal Daniel Křetínský,

— TotalEnergies Gas & Power Holdings UK Limited ('TTE', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú TotalEnergies SE, an Fhrainc,

— West Burton Flexible Generation Limited ('West Burton Flexible Generation', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú TTE

Gheobhaidh EPUKI agus TTE rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar West Burton Flexible Generation.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá EPUKI gníomhach sa Ríocht Aontaithe (i) i nginiúint agus soláthar mórdhíola leictreachais, (ii) i soláthar seirbhísí cothromúcháin agus coimhdeacha, (iii) i malartú leictreachais airgeadais agus (iv) i soláthar miondíola gáis,

— Soláthraíonn TTE gás do chustaiméirí tionsclaíocha agus tráchtála agus tá sé gníomhach i nginiúint agus soláthar mórdhíola leictreachais sa Ríocht Aontaithe.

3. Baineann gníomhaíochtaí gnó West Burton Flexible Generation le giniúint agus soláthar mórdhíola leictreachais agus le soláthar seirbhísí cothromúcháin agus coimhdeacha sa Ríocht Aontaithe.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11748 - EPUKI / TTE / WEST BURTON FLEXIBLE GENERATION

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË